C/2024/1990

7.3.2024

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/1990)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Espárrago verde de Guadalajara'

Uimh. AE: PGI-ES-02963— 5.6.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm an TGFC**

'Espárrago verde de Guadalajara'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Lus súgach i bhfoirm péacáin ghlasa leochaileacha atá sláintiúil agus glan, de speiceas lus súgach Asparagus officinalis L., fospeiceas diplóideach go géiniteach F1, cineál 'Ollscoil California', cineálacha: Apollo, Grande, Early California, Sunlim, Vegalim, Magnus, Placosesp, UC 157, UC 115 agus Darzilla.

Ní mór an Tásc Geografach faoi Chosaint a úsáid ach amháin le haghaidh lus súgach glas a bhfuil cion ábhair thirim idir 6,5 % agus 8,5 % ann; luachanna pH idir 5,7 agus 5,9; seoltacht leictreach idir 4,4 agus 6,2 (±0,3 mS cm–1); fad idir 13 cm agus 26 cm, a bhfuil 3 cm ar a mhéad de bán, le huasdifríocht 20 % idir na haonaid laistigh den bheart céanna; trastomhas íosta 10 mm; agus cion solad intuaslagtha arna shloinneadh i gcéimeanna Brix idir 3,8 agus 6,1 (±0,6 %).

Mar thoradh ar na saintréithe ceimiceacha sin, tá dianbhlas ar an lus súgach seo agus é súmhar, beagán snáithíneach, le blasanna milse agus searbha air. Maireann an blas a bhuí le tiúchain shonracha de sholaid intuaslagtha, salainn, aigéid orgánacha agus comhdhúile bithghníomhacha eile.

Táirgtear an lus súgach lena ithe úr nó i bhfoirm phróiseáilte. Tá sé saor ó lotnaidí agus ó ghalair, gan dochar déanta ag uirlisí ná ag an aimsir air, é saor ó ithir agus nite. Níl an chuaire sa trian uachtarach den ghas ar an lus súgach os cionn 30 %. Tá an ceann ar an lus súgach glas dúnta ar fad, agus níl aon bhuinneán ná bláth de chineál ar bith ann.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is é an limistéar geografach ar a dtugtar tuairisc i Roinn 4 an áit ina dtáirgtear Espárrago verde de Guadalajara.

[1] IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór do phacálaithe córais a bheith i bhfeidhm acu lena áirithiú go ndéanfar an lus súgach a chumhdaítear faoin TGFC a phacáistiú ar leithligh ó aon lus súgach eile a d'fhéadfadh a bheith á phacáistiú acu.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sa lipéadú ar an lus súgach pacáistithe: an t-ainm faoina ndíoltar é; an lógó atá le feiceáil i Roinn 3.6 den doiciméad aonair, atá ar fáil d'aon oibreoir a iarrann é agus a chomhlíonann an tsonraíocht; agus tagairt don Tásc Geografach faoi Chosaint 'Espárrago Verde de Guadalajara'. De rogha air sin, féadfar a áireamh ar an lipéad freisin an mharcáil chomhréireachta arna heisiúint ag an roinn deimhniúcháin táirgí laistigh den chomhlacht rialiúcháin.

Tá an lógó thuasluaite le feiceáil thíos.



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsítear sa limistéar táirgthe don Tásc Geografach faoi Chosaint na bardais seo a leanas i gCúige Guadalajara:

Alarilla, Aldeanueva de Guadalajara, Aranzueque, Arbancón, Armuña del Tajuña, Cabanillas del Campo, Cañizar, Casas de San Galindo, Centenera, Ciruelas, Cogolludo, Copernal, Chiloeches, Espinosa de Henares, Fontanar, Fuencemillán, Guadalajara, Heras de Ayuso, Hita, Horche, Humanes de Mohernando, Jadraque, Loranca del Tajuña, Lupiana, Málaga del Fresno, Malaguilla, Marchamalo, Membrillera, Miralrío, Mohernando de Henares, Montarrón, Robledillo de Mohernando, Rómhánaigh, Taragudo, Tendilla, Torija, Torre del Burgo, Tórtola de Henares, Valdarachas, Valdearenas, Valdegrudas, Villanueva de Argecilla, Yebes agus Yunqueras de Henares.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an t-iarratas chun an TGFC 'Espárrago Verde de Guadalajara' a chlárú bunaithe ar shaintréithe sonracha an táirge a eascraíonn as an nasc leis an limistéar geografach. Tá an dath glas agus an cion ábhair thirim idir 6,5 % agus 8,5 % amhlaidh mar gheall ar mheánradaíocht na gréine 1 642,5 meigigiúil in aghaidh an mhéadair chearnaigh le linn na tréimhse táirgthe. Tá na luachanna pH idir 5,7 agus 5,9 agus an cion solad intuaslagtha arna shloinneadh i gcéimeanna Brix idir 3,8 agus 6,1 (± 0,6 %) mar gheall ar na teochtaí ísle, rud a chiallaíonn go bhfásann an lus súgach go mall. Tá an fad idir 13 cm agus 26 cm agus trastomhas íosta 10 mm mar gheall ar na hithreacha a bhfuil luachanna pH idir 8,1 agus 8,3 den chuid is mó acu, mar aon le doimhneacht na n-ithreacha, infhaighteacht cothaitheach agus cion cothromaithe gainimh, cré agus siolta iontu. Mar thoradh ar na cáilíochtaí sin tá cúltaiscí suntasacha taise agus macrachothaitheach agus micreachothaitheach ar fáil.

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

a) Tírdhreach

Go geografach, tá limistéar táirgthe an lusa shúgaigh suite in iarthar chúige Guadalajara, i gceantair La Sierra, La Campiña agus Alcarria Alta, i mbardais Membrillera agus Loranca de Tajuña, ag ingearchlónna idir 640 agus 1 020 méadar os cionn leibhéal na farraige.

Is saintréithe sa cheantar iad fánaí réidhe agus foirmíochtaí léibheann ar mhachairí na n-aibhneacha, chomh maith le limistéir níos airde na n-ardchlár arb iad fraochmhánna Alcarria iad.

b) Hidreagrafaíocht

Tá an limistéar táirgthe suite i ngleannta aibhneacha Henares agus Badiel, agus an Tajuña lena bhfo-aibhneacha Matayeguas agus Hungría.

Cruthaíodh na habhantracha sna gleannta seo mar thoradh ar phróisis chreimthe go domhain sa screamh chailcreach, rud a dhéanann difear do leibhéil liteolaíocha níos ísle ina bhfuil cré agus siolta den chuid is mó. Cuireann na habhantracha gláracha sin le tailte níos torthúla maidir le machairí na n-aibhneacha, rud a fhágann ithreacha níos fearr ann le haghaidh saothraithe, ithreacha atá níos oiriúnaí chun an lus súgach a tháirgeadh.

Bíonn salandacht an-íseal sna huiscí a úsáidtear le haghaidh uisciúcháin agus dá bhrí sin is iad na cinn is oiriúnaí chun an barr is fearr a tháirgeadh.

c) Aeráid

Bainimid úsáid as córas aicmithe aeráide Papadakis (1966) chun saintréithe aeráide an limistéir táirgthe a shainiú don lus súgach glas. De réir an chórais sin, is féidir linn cur síos a dhéanamh ar na saintréithe mar thréithe a bhaineann go príomha le cineál measartha aeráide na Meánmhara. Ar an gcaoi chéanna, is é 'Arbhar Indiach' cineál aeráide an tsamhraidh agus is iad 'Coirce' fuar agus 'Coirc' measartha cineálacha aeráide an gheimhridh. Maidir le bogthaise, bogthais na Meánmhara is mó atá sna limistéir táirgthe, agus roinnt limistéar i má íseal Henares arna n-aicmiú mar thirim na Meánmhara. De réir an chórais chéanna, is é 'Pampas' córas teochta an limistéir den chuid is mó, agus cuid de limistéir na bhfraochmhánna arna sainmhíniú mar mheasartha agus te.

Tá stáisiúin oifigiúla aeráide na hAireachta Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia sa limistéar táirgthe, in Marchamalo, Jadraque agus Armuña de Tajuña. De réir na sonraí arna soláthar ag na stáisiúin, is é 20,6 °C an mheánteocht uasta; is é 6° C an mheánteocht íosta; is é – 9,1 °C an mheán-dearbhteocht íosta; agus is é 13,1 °C an mheánteocht.

Don tréimhse táirgthe, is iad 7,3 °C, 11,7 °C, 15,7 °C agus 20,6 °C faoi seach na meánteochtaí do mí an Mhárta, mí Aibreáin, mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh. Léiríonn sé sin go mbíonn na geimhrí fada, rud a chiallaíonn go mbíonn na hEarraigh níos giorra. Is ionann an mheánfhrasaíocht bhliantúil agus timpeall 434,8 lítear.

Is é 1 642 mheigigiúil in aghaidh an mhéadair chearnaigh meánghlanradaíocht na gréine le linn na míonna táirgthe, idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh. Tá sé sin níos lú ná mar atá i limistéir táirgthe eile, i limistéir táirgthe níos teo sa Spáinn.

Léirítear ó ríomhanna atá bunaithe ar na sonraí aeráide 1 290,5 uair an chloig faoi fhuacht san iomlán le linn mhíonna an gheimhridh, agus breis agus 25 % níos mó dóchúlachta ann go mbeidh siocanna déanacha Earraigh ann tar éis an 11 de mhí Aibreáin.

Léirítear ó na figiúirí sin aeráid ina bhfuil geimhrí an-fhada agus an-fhuara, siocanna déanacha agus Earraigh agus Fómhair ghearra ann. Bíonn sé fuar go ginearálta ag tús an Earraigh, agus samhraí teo tirime ann agus méanleibhéil nó leibhéil ísle frasaíochta ann i limistéir atá níos faide siar.

Go ginearálta, le linn na tréimhse táirgthe, bíonn na dálaí aeráide is fearr réasúnta gearr, i bhfad níos giorra ná mar a bhíonn i gcás barra a fhástar i limistéir níos teo. Cé go bhféadfadh cúpla péacán ar an lus súgach a bheith le feiceáil ag deireadh mhí an Mhárta, ní go dtí lár mhí Aibreáin a thosaíonn an fómhar faoi ghnáthdhálaí.

Siocanna déanacha mar thoradh ar shosanna sa táirgeadh. Mar gheall air ar an toisc sin, mar aon le teochtaí arda i mí an Mheithimh, maireann tréimhse iarbhír phiocadh lus súgach thart ar 70 lá ar a mhéad. Dá bharr sin, coinníonn na plandaí a gcúltaiscí. Mar thoradh air sin, méadaítear cáilíocht na dtáirgí de thairbhe an easpa struis go háirithe.

d) Ithreacha

Tá an limistéar táirgthe suite ar mhachairí aibhneacha Henares, Badiel agus Tajuña, a foirmíodh le linn na tréimhse Pléa-Cheathartha. Is caimbeasail chailceacha agus reinsíní caimbeacha den chuid is mó iad na hithreacha, cé go bhfuil fluvasail ann freisin.

Is é uigeacht dúrabháin nó uigeacht dúrabháin chré is coitianta atá ag na hithreacha sin, iad an-tréscaoilteach agus cion ard carbónáite acu. Tá na meánluachanna pH idir 8,1 agus 8,3, agus tá na luachanna seoltachta ithreach idir 150 agus 184 mS cm^{-1}. Is gnách go mbíonn cion an ábhair orgánaigh íseal, níos lú ná 1,5 %.

Sainiúlacht an táirge

Tá na saintréithe seo a leanas ag Espárrago de Guadalajara:

Ábhar tirim idir 6,5 % agus 8,5 %;

luachanna pH idir 5,7 agus 5,9;

seoltacht leictreach idir 4,4 agus 6,2 (±0,3 mS cm^{-1});

Fad idir 13 cm agus 26 cm, a bhfuil 3 cm ar a mhéad de bán, le huasdifríocht 20 % idir na haonaid laistigh den bheart céanna;

Trastomhas 10 mm ar a laghad;

Cion solad intuaslagtha (°Brix) idir 3,8 agus 6,1 (±0,6 %).

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (maidir le ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá aige (maidir le TGFC)

Le linn na míonna táirgthe, bíonn an teocht sách íseal, meánteocht 7,3 °C ann i mí an Mhárta, 11,7 °C i mí Aibreáin, 15,7 °C i mí na Bealtaine agus 20,5 °C ann i mí an Mheithimh.

Ciallaíonn sé sin go bhfásann an lus súgach go mall, rud a éascaíonn tiúchan níos mó solad intuaslagtha, idir 3.8 agus 6.1 céim Brix, agus luachanna pH idir 5,7 agus 5,9.

Ar an gcaoi chéanna, mar gheall ar fhuacht an gheimhridh agus mar gheall ar an bhfíoras go bhfuil dóchúlacht os cionn 25 % ann go mbeidh sioc déanach ann (i.e. sioc tar éis an 11 Aibreán) nach n-ídíonn na plandaí cúlchistí carbaihiodráití, próitéiní agus mianraí a choinnítear ina gcórais riosóim agus fréimhe. Tá na cúlchistí sin fós ar fáil le haistriú chuig péacáin úra an lusa shúgaigh i gcionmhaireachtaí níos mó ná mar a bhíonn sa lus súgach a fhástar in aeráidí níos teo.

Bíonn 1 290,5 uair an chloig de theochtaí fuara ann: líon ard. Téann sé sin i bhfeidhm ar an lus súgach ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, le linn shos an gheimhridh, cabhraíonn sé le hathghiniúint iomlán na gcóras hormónach meitibileach atá gníomhach sa phlanda. Ar an dara dul síos, tagann péacáin ar an lus súgach chun cinn go ginearálta timpeall an ama chéanna, rud nach ionann agus an lus súgach a fhástar i ndálaí agra-aeráide nach bhfuil chomh fionnuar céanna. Dá bhrí sin, cé gur féidir le méid an-bheag den lus súgach a bhíonn le feiceáil ag deireadh mhí an Mhárta, ní bhíonn an séasúr faoi lán seoil i gceart go dtí lár mhí Aibreáin go hiondúil.

Críochnaíonn an churaíocht nuair a thagann teas an Mheithimh, rud a fhágann go mbíonn tréimhse fáis fhásúil níos faide ag na plandaí. Is amhlaidh atá a bhuí le teas an tsamhraidh ar an mórchuid agus na bealaí traidisiúnta ina ndéanann feirmeoirí uisciú agus leasú a bhainistiú. Mar thoradh ar an samhradh fada sin éiríonn le méid suntasach bithmhaise a fhorbairt, rud a chuirfidh na substaintí cúltaca ar ais sa chóras riosóim agus fréimhe ina dhiaidh sin, rud a fhágann go mbeidh siad ar fáil don chéad séasúr eile.

Is é thart ar 14,2 °C an mheándifríocht idir na huasteochtaí i rith an lae agus na híosteochtaí i rith na hoíche. Cuidíonn sé sin, mar aon leis na teochtaí ísle i rith an lae go luath san earrach, leis an lus súgach a chaomhnú ó na dálaí a bhaineann le strus teasa a mbíonn ardleibhéil trasghalaithe mar thoradh orthu. Is lú an gá atá le meitibileacht carbaihiodráití chun teochtaí meánlae iomarcacha a mhaolú. Coinnítear na carbaihiodráití, mar sin, laistigh den lus súgach.

Is lú an caillteanas uisce a bhíonn ann freisin mar gheall ar mhalartú gáis trí na stómaí i gcomparáid leis an lus súgach a fhástar i limistéir níos teo. Dá bhrí sin, fanann na solaid intuaslagtha stóráilte agus ar fáil sa lus súgach, lena dtáirgtear luachanna idir 3,8 agus 6,1 céim Brix, agus pH idir 5,7 agus 5,9: ardluachanna atá ionadaíoch don limistéar táirgthe.

Áirítear ar shaintréithe speisialta an limistéir táirgthe leibhéil airde fheirmeacha na dtáirgeoirí. Mar thoradh ar an toisc sin, mar aon le domhanleithead chúige Guadalajara, bíonn meánradaíocht ghréine 1 642,5 meigigiúil in aghaidh an mhéadair chearnaigh ann le linn na tréimhse táirgthe. Tá dath glas ar an lus súgach agus tá an cion ábhair thirim idir 6,5 % agus 8,5 % ann.

Áirítear ar shaintréithe speisialta na n-ithreacha luachanna pH den chuid is mó idir 8,1 agus 8,3, doimhneacht, infhaighteacht cothaitheach, agus cion cothromaithe gainimh, cré agus siolta. Mar thoradh ar na cáilíochtaí sin tá cúlchistí suntasacha taise agus macrachothaitheach agus micreachothaitheach ar fáil chun an lus súgach a tháirgeadh, atá idir 13 cm agus 26 cm ar fhad agus 10 mm ar trastomhas ar a laghad. Fásann sé go han-mhall mar gheall ar an éagsúlacht teochta idir oíche agus lá.

Mar thoradh ar na cothaithigh san ithir, mar aon leis na cleachtais thraidisiúnta maidir le leasú barr agus saintréithe agra-aeráide an limistéir, go bhfuil dianbhlas, súmhar ar an lus súgach seo, é beagán snáithíneach, agus blasanna milse agus searbha air. Maireann an blas a bhuíochas le tiúchain shonracha de sholaid intuaslagtha, salainn, aigéid orgánacha agus comhdhúile bithghníomhacha eile.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

http://pagina.jccm.es/agricul/paginas/comercial-industrial/consejos_new/pliegos/PLIEGO_CONDICIONES_esparrago_Guadalajara_20221020.pdf